Parlaimint na hEorpa
2019-2024

Toscaireacht chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

**DCFE_PV(2022)0429_1**

# MIONTUAIRISCÍ

**chruinniú an 29 Aibreán 2022, 15.00-16.00**

**Strasbourg**

**Seomra WEISS N1.4**

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 15.08 Dé hAoine, an 29 Aibreán 2022, agus ba é Guy Verhofstadt (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

***(Sruthú gréasáin)***

**1. Glacadh an chláir oibre** Dréachtchlár Oibre (2022)2904_1_EN

Glacadh an clár oibre mar a moladh.

**2. Fógraí an Chathaoirligh**

D'fhógair an Cathaoirleach go mbeadh athrú i gcomhdhéanamh thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa: Faoin 31 Márta, tháinig François ALFONSI (Na Glasaigh/SCE) in ionad Salima YENBOU.

Ina theannta sin, chuir an Cathaoirleach in iúl do na Comhaltaí gur tharla cruinniú den Bhord Feidhmiúcháin an 26 Aibreán agus gur tharla cruinniú de chomhaltaí agus breathnóirí AE an Bhoird Feidhmiúcháin inniu, an 29 Aibreán.

Thug an Cathaoirleach faisnéis maidir le himeacht clabhsúir na Comhdhála an 9 Bealtaine.

## 3. Ullmhú Sheisiún Iomlánach na Comhdhála an 29-30 Aibreán 2022

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe. Ghabh sé buíochas le Cathaoirligh agus Comhordaitheoirí Mheithleacha Pharlaimint na hEorpa as a gcuid oibre agus chuir sé na Comhaltaí ar an eolas maidir le tograí na Meithleacha a cuireadh isteach i gcruinniú iomlánach na Comhdhála le haghaidh formhuinithe.

Thuairiscigh sé ag cruinniú Chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin Pharlaimint na hEorpa an mhaidin sin go raibh tacaíocht an tromlaigh ann chun na tograí a fhormhuiniú.

Chuir sé in iúl do na Comhaltaí gur féidir aon seasamh mionlaigh, a bhfuil tuairim easaontach maidir leis na tograí aige, a bheith ina ábhar do dhearbhú i scríbhinn, nach faide ná 200 focal, agus beidh sé curtha i gceangal leis na miontuairiscí agus foilsithe ar shuíomh gréasáin thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhdháil.

Thug an Cathaoirleach cead cainte do Chomhaltaí agus Breathnóirí Bhord Feidhmiúcháin Pharlaimint na hEorpa, chun seasaimh a ngrúpaí polaitiúla maidir le tograí le haghaidh chruinniú iomlánach na Comhdhála a thíolacadh, agus do bhabhta cainteoirí ó na grúpa polaitiúla agus NI ina dhiaidh sin.

<u>Labhair na Comhaltaí seo a leanas:</u> Mr Manfred Weber; Ms Iratxe García Pérez; Mr Pascal Durand; Mr Daniel Freund; Mr Gunnar Beck; Mr Michiel Hoogeveen; Mr Helmut Scholz; Mr Paulo Rangel; Ms Gabriele Bischoff; Ms Nicola Beer; Mr Damian Boeselager; Mr Pernando Barrena.

Tháinig an Cathaoirleach ar an gconclúid, i bhfianaise an tseasaimh fhabhraigh a ghlac na cúig Ghrúpa Pholaitiúla, a sheasann do thromlach mór, go bhféadfadh sé tacaíocht ó thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa do na tograí ag cruinniú iomlánach na Comhdhála a chur in iúl. Formheasadh e sin d’aon gháir.

Maidir le dearbhuithe i scríbhinn a léiríonn seasaimh mhionlaigh, bhí siad curtha isteach ag na daoine seo a leanas: Sandra Pereira, Zdzisław Krasnodębski thar ceann an Ghrúpa ECR, Carles Puigdemont, mar aon le Christine Anderson, Gerolf Annemans, Gunnar Beck, Mara Bizzotto, Susanna Ceccardi, Roman Haider, Laura Huhtasaari, Peter Kofod, Hélène Laporte, Jaak Madison, Thierry Mariani, Philippe Olivier, Alessandro Panza thar ceann an Ghrúpa ID.

## 4. Aon ghnó eile

Gan gnó ar bith

## 5. An chéad chruinniú eile

le deimhniú

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 16.02h.

## SEASAMH MIONLAIGH

Le Sandra Pereira

Como afirmámos no seu inicio e agora podemos constatar, as conclusões da Conferência sobre o futuro da UE estavam há muito pré-determinadas, pois elas traduzem na sua essência a insistência num rumo, numa política e em medidas há muito apontadas pela UE.

Vejam-se entre outros exemplos, a insistência na falsa ideia de que a democracia se reforça abolindo a regra da unanimidade no Conselho, quando, na verdade, esta regra salvaguarda a igualdade dos Estados e garante que uma decisão não será imposta contra os seus interesses; ou as denominadas listas transnacionais para as eleições para o PE, que, além de acentuarem desequilíbrios e distorções existentes, representariam uma criação artificial, sem correspondência com a realidade na Europa e com os interesses dos povos.

O que está em causa é mais uma operação de aprofundamento do neoliberalismo, do federalismo e do militarismo, patentes nas conclusões e responsáveis pela promoção da regressão de direitos sociais e laborais, do agravamento de desigualdades e da concentração monopolista, do desrespeito da soberania e da paz.

A Europa que defendemos exige outro rumo, de cooperação entre Estados soberanos e iguais em direitos, progresso social, paz.

Por isso, expressamos a nossa manifesta rejeição de tais conclusões e propósitos.

## SEASAMH MIONLAIGH

Le Zdzisław Krasnodębski thar ceann an Ghrúpa ECR

Bhí an Grúpa ECR rannpháirteach, de mheon macánta, ag súil go mbeadh an chomhdáil ina fíorchomhairliúchán poiblí maidir le todhchaí an Aontais Eorpaigh atá ag éirí níos gearrtha amach ón saol i gcónaí. www.ecrthefuture.eu

Faraor, níor éirigh leis an gcomhdháil.

Mhéadaigh an cácas feidearálach bolgán na Bruiséile go bolgán comhdhála, ag obair le comhghuaillithe láraithe ENR chun an próiseas a stiúradh.

Bhí an bonn bainte de chreidiúnacht an phróisis de bharr ró-ionadaíocht ar dhaoine óga (trí oiread dá sciar cothrom), claontacht féinroghnúcháin in earcaíocht rannpháirtithe, saineolaithe cairdiúla a roghnaíodh go cúramach, agus clár oibre láraithe a shocrú.

Cuireadh doiciméid a ullmhaíodh sna ‘meithleacha’ nua in ionad mholtaí na saoránach agus thuairimí na n-ardán ar líne, áit ar ghlac Feisirí feidearálachacha rialú. Rinne siad scagadh ar thograí na saoránach agus roghnaigh siad smaointe go cúramach ar aontaigh siad leo cheana féin.

Níor thacaigh dhá cheann de na ceithre chomhpháirt - iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ár ndaonlathas náisiúnta sa Chomhairle agus na parlaiminteoirí náisiúnta - leis na conclúidí, agus choimeád siad a seasaimh agus chuir siad na tograí ar aghaidh. Níor thoiligh an Pharlaimint leis na conclúidí d’aon toil ach oiread.

Níor tharla aon díospóireacht phoiblí ná feasacht phoiblí go forleathan.

Diúltaímid, mar sin, do na conclúidí agus creidimid gur cheart a príomhthograí agus a príomhbhearta a thástáil go héifeachtach anois trí bhíthin pobalbhreitheanna neamhspleácha i ngach Ballstát.

## SEASAMH MIONLAIGH

Le Carles Puigdemont i Casamajó

Chomh maith le comhghairdeas a dhéanamh leo siúd uile a bhí páirteach sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (COFE) ó bunaíodh í, ba mhaith liom a chur in iúl nach bhfuil fíor-rannpháirtíocht an phobail bainte amach aici. Maidir leis an togra a bhaineann leis an gCatalóinis ina teanga oifigiúil de chuid an AE, '10 milliún guth, an Chatalóinis a bheith ina teanga oifigiúil de chuid an AE', a formhuiníodh le 915 vóta san Ardán Digiteach Ilteangach (MDP), agus an ceann is mó a formhuiníodh sa chatagóir Luachanna agus Cearta, an Smacht Reachta agus an tSlándáil, níor pléadh é fiú sa Mheitheal faoin ainm céanna. Is amhlaidh a tharla leis an togra 'Gan caighdeán dúbailte i gcosaint an daonlathais agus an smachta reachta', an dara ceann is mó a formhuiníodh sa chatagóir chéanna sin (626 vóta). Mar sin féin, is é an togra ba shuntasaí ná an togra 'Sásra soiléireachta maidir leis an gceart féinchinntiúcháin', an ceann is mó a vótáladh in COFE ina iomláine (1002 vóta in MDP), agus i gcatagóir an Daonlathais Eorpaigh.

Ós rud é nach ndearnadh plé ar na trí thogra sin nó gur cuireadh san áireamh iad ag a Meithleacha faoi seach, tá go leor ceisteanna ann faoin té a chuir tús lé COFE. Dá bhrí sin, tá sé deacair dom aontú go hiomlán le nós imeachta agus toradh COFE.

## SEASAMH MIONLAIGH

Le Christine Anderson, Gerolf Annemans, Gunnar Beck, Mara Bizzotto, Susanna Ceccardi, Roman Haider, Laura Huhtasaari, Peter Kofod, Hélène Laporte, Jaak Madison, Thierry Mariani, Philippe Olivier, Alessandro Panza thar ceann an ghrúpa ID

Cuireann an Grúpa ID i gcoinne chonclúidí na Comhdhála. Léirítear sna conclúidí saincheisteanna conspóideacha nach bhfuil dearcadh na Parlaiminte d’aon toil ina dtaobh. Ní raibh aon saoránach rannpháirteach toisc nach raibh ach 0.00001 % de shaoránaigh rannpháirteach i gcomparáid le daonra Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Ní réiteach é lánpháirtiú níos doimhne san Eoraip chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin níos fearr a bheidh ann amach anseo. Ba cheart go mbeadh an tuarascáil deiridh ina cáipéis oscailte a mbeadh na haighneachtaí éagsúla go léir inti. Ní áirítear sna páipéir dheireanacha gach tuairim ar bhonn cothrom ach díríonn siad ar thuairimí a comhaontaíodh roimhe seo laistigh den chácas feidearálach. Ní dhearnadh ionadaíocht leordhóthanach ar thuairimí atá éagsúil ó na tuairimí sin lena moltar lánpháirtiú níos doimhne san Eoraip agus bunú aontais chónaidhme idir na Ballstáit agus ní raibh siad mar chuid de chonchlúidí na Comhdhála, rud atá aisteach go leor, mar a tharla i gcás rannchuidithe ar an Ardán Ilteangach, ina raibh tuairimí amhrasacha faoin AE ann, ach nach raibh mar chuid de na pléití ná na conclúidí.

Ní raibh an Chomhdháil daonlathach, dlisteanach ná trédhearcach. Déanaimid a conclúidí a shéanadh mar chonclúidí réamhscríofa agus dírithe ar an bpolaitíocht, lena ndéantar ‘bolgán comhdhála’ de ‘bholgán na Bruiséile’ a cháintear go forleathan, mar atá, i.e. deireadh a chur le prionsabal na haontoilíochta sa Chomhairle agus leis an iarraidh ar Coinbhinsiún Conartha.

## LIOSTA TINRIMH

### I LÁTHAIR SA SEOMRA

ANGEL, BARRENA ARZA, BECK, BEER, BENIFEI, BENTELE, BISCHOFF, BOESELAGER, CASTALDO, CHARANZOVÁ, CLUNE, DORFMANN, DURAND, FARRENG, FIDANZA, FREUND, GAMON, GARCÍA PÉREZ, GLAVAK, GOZI, HOMS GINEL, HOOGEVEEN, KUBILIUS, MITUŢA, NEGRESCU, PAGAZAURTUNDÚA, PEREIRA, PETIKÄINEN, RANGEL, RUIZ DEVESA, SCHOLZ, SILVA PEREIRA, TOIA, VERHOFSTADT, WISELER-LIMA